**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Séú Dlísheomra) an 4 Meitheamh 2026 (iarraidh ar réamhrialú ón Varhoven administrativen sad – an Bhulgáir) – CY v Vremenno prenaznachen na dlazhnost nachalnik na 03 Rayonno upravlenie na Stolichna direktsia na vatreshnite raboti**

**(Cás C-326/25 [1], 03 Rayonno upravlenie na SDVR)**

***(Tarchur chun réamhrialú – Limistéar saoirse, slándála agus ceartais – Comhar póilíneachta – Córas Faisnéise Schengen – Cinneadh 2007/533/CGB – Rialachán (AE) 2018/1862 – Foláireamh faoi mhótarfheithicil ar mhaithe lena n-urghabháil nó lena n-úsáid mar fhianaise in imeachtaí coiriúla – Ordú chun feithicil a thabhairt suas ar eisíodh foláireamh ina leith i gCóras Faisnéise Schengen – Rialachán náisiúnta lena n-eisiatar rannpháirtíocht an duine a raibh an t-ábhar ar eisíodh foláireamh ina leith ina sheilbh aige sa nós imeachta riaracháin agus breithiúnach chun an t-ábhar a thabhairt suas don Bhallstát eisiúna)***

(C/2026/3816)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris.*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Varhoven administrativen sad

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir*: CY

*Cosantóir*: Vremenno prenaznachen na dlazhnost nachalnik na 03 Rayonno upravlenie na Stolichna direktsia na vatreshnite raboti

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 39 de Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní thagann na rialacha náisiúnta a bhaineann le beart a ghlacadh chun ábhar a thabhairt suas ar eisíodh foláireamh ina leith i gCóras Faisnéise Schengen ar bhonn Airteagal 38 den Rialachán sin, trí chinneadh ó údaráis inniúla an Bhallstáit fhorghníomhaithigh mar fhreagra ar iarraidh an Bhallstáit eisiúna, faoi raon feidhme an Rialacháin sin.

---

[1] IO C, C/2025/4435.